**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú ón Commissione tributaria regionale per il Friuli Venezia Giulia (an Chúirt Chánach Réigiúnach, Friuli Venezia Giulia, an Iodáil), a rinneadh le cinneadh an 30 Meitheamh 2022, do-ghlactha go follasach.

([1]) IO C 441, 21.11.2022.

---

**Ordú ón gCúirt Bhreithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 26 Aibreán 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Förvaltningsrätten i Göteborg – an tSualainn) – A.L. v Migrationsverket**

**(Cás C-629/22 ([1]), Migrationsverket)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – An beartas inimirce – Treoir 2008/115/CE – Caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh – Airteagal 6(2) – Cinneadh um fhilleadh lena ngabhann toirmeasc ar dhul isteach trí bliana – Náisiúnach tríú tír ag a bhfuil cead cónaithe bailí arna eisiúint ag Ballstát eile – Mainneachtain an údaráis póilíneachta náisiúnta cead a thabhairt don náisiúnach sin dul go críoch an Bhallstáit eile sin sula nglacfaidh sé an cinneadh sin um fhilleadh i ndáil leis an náisiúnach sin)***

(2023/C 286/16)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Förvaltningsrätten i Göteborg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* A.L.

*Cosantóir:* Migrationsverket

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ceanglaítear ar údaráis inniúla Ballstáit cead a thabhairt do náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit sin agus ag a bhfuil cead cónaithe bailí nó údarú bailí eile lena dtugtar ceart fanachta arna eisiúint ag Ballstát eile dul chuig an mBallstát eile sin sula nglacfaidh siad cinneadh um fhilleadh, más gá sin sna himthosca, i ndáil leis an náisiúnach sin, cé go measann na húdaráis sin gur dócha nach gcomhlíonfaidh an náisiúnach sin iarraidh chun dul chuig an mBallstát eile sin.

2. Maidir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2008/115,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   sa mhéid a cheanglaíonn sé ar na Ballstáit cead a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch dul go dtí an Ballstát a d'eisigh cead cónaithe bailí nó údarú eile dóibh lena dtugtar ceart fanachta dóibh sula nglacfaidh na Ballstáit sin cinneadh um fhilleadh, más gá sin sna himthosca, i ndáil leis na náisiúnaigh sin, tá éifeacht dhíreach ag an bhforáil sin agus féadfaidh daoine aonair í a agairt dá réir sin os comhair na gcúirteanna náisiúnta.

3. Maidir le hAirteagal 6(2) de Threoir 2008/115,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

nuair, murab ionann agus an fhoráil sin, nach gceadaíonn Ballstát do náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a chríoch dul láithreach chuig an mBallstát a d'eisigh cead cónaithe bailí nó údarú eile dó lena dtugtar ceart fanachta dó sula nglacann sé cinneadh um fhilleadh i ndáil leis an náisiúnach sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla náisiúnta, lena n-áirítear cúirteanna náisiúnta a bhfuil achomharc i gcoinne an chinnidh sin um fhilleadh agus an toirmisc ar dhul isteach a ghabhann leis os a gcomhair, gach beart is gá a dhéanamh chun mainneachtain údaráis náisiúnta oibleagáidí a eascraíonn as an bhforáil sin a chomhlíonadh a leigheas.

(1) IO C 482, 19.12.2022.

---

**Ordú na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 27 Meitheamh 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo – an Phortaingéil) – Finalgarve – Sociedade de Promoção Imobiliária e Turística SA v Ministerio do Planeamento e das Infraestruturas**

**(Cás C-24/23** (1)**, Finalgarve)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Ceanglas comhthéacs dlíthiúil na díospóide sna príomhimeachtaí agus na cúiseanna go bhfuil gá le freagra ar na ceisteanna arna dtarchur a leagan amach – Easpa sonraí leordhóthanacha – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2023/C 286/17)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Finalgarve – Sociedade de Promoção Imobiliária e Turística SA

*Cosantóir:* Ministerio do Planeamento e das Infraestruturas

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo(Cúirt Riaracháin Uachtarach, an Phortaingéil), a rinneadh le cinneadh an 15 Nollaig 2022, do-ghlactha go follasach.

(1) Dáta na taiscethe: 18/01/2023

---

**Achomharc arna thabhairt an 2 Márta 2023 ag Vialto Consulting Kft. i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Seachtú Dlísheomra) an 21 Nollaig 2022 i gCás T-537/18 Vialto Consulting Kft. v an Coimisiún**

**(Cás C-130/23 P)**

(2023/C 286/18)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Vialto Consulting Kft (ionadaithe: P. Paliou agus A. Skoulikis, dikigoroi)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 a chur i leataobh i gCás T-537/18 (1).

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc.